Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0182 (NLE)**

**12362/2/19**
**REV 2**

**VISA 190**
**COEST 209**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe**
**idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise**
**i ndáil le heisiúint víosaí a éascú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal 77(2), i gcomhar le pointe (a) den dara fomhír d'Airteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an [dáta] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2019/1915 ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú ("Comhaontú an Aontais" anseo feasta) an [...][+], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is déanaí.

(2) I nDearbhú Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 7 Bealtaine 2009, chuir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta in iúl go dtacaíonn siad go polaitiúil le léirscaoileadh an chórais víosaí i dtimpeallacht shábháilte shlán agus d'athdhearbhaigh siad a rún céimeanna a ghlacadh, diaidh ar ndiaidh, chun córas taistil gan víosa a thabhairt i gcrích, in am trátha, dá saoránaigh.

(3) Is é cuspóir an Chomhaontaithe éascú a dhéanamh, ar bhonn na cómhalartachta, ar eisiúint víosaí chuig saoránaigh an Aontais agus na Bealarúise, do chuairt bheartaithe do thréimhse nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

1 Cinneadh (AE) 2019/1915 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú IO L 297, 18.11.2019, lch. 1..

\+ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe in ST 12363/19.

(4) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[1]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(5) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(6) Rinne an Coimisiún measúnú ar shlándáil agus ar shláine chóras eisiúna pasanna taidhleoireachta bithmhéadracha na Bealarúise agus ar na sonraíochtaí teicniúla a ghabhann leis sin.

(7) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i gcuid d'fhorálacha *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú a fhormheas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) den Chomhaontú[2].

*Airteagal 3*

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach, le cúnamh ó ionadaithe na mBallstát, ionadaíocht thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste arna chur ar bun de bhun Airteagal 12 den Chomhaontú.

---

**1** Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L …

\+ IO: Cuir isteach san fhonóta le do thoil tagairt IO an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 12363/19.

**2** Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*